# Siopadóireacht Ealaíne

| | |
|---|---|
| **Gné den Mhata** | Tomhais - airgead<br>*Naisc Thraschuraclaim – Teanga, OSIE* |
| **Scileanna Forbartha** | • Cur i bhfeidhm agus réiteach fadhbanna - réitigh ar fhadhbanna a aithint<br>• Cumarsáid agus cur in iúl - torthaí gníomhaíochtaí matamaiticiúla a chlárú go nithiúil, agus léaráidí pictiúir agus uimhreacha a úsáid chuige sin |
| **Teanga agus Téarmaíocht** | muc thaisce, airgead, bonn, luach |
| **Áiseanna** | Uirlis Airgid Mol Mata, boinn airgid, ábhair ealaíne, lipéid le praghsanna, praghasliosta |

## Cur Síos ar an nGníomhaíocht

1. **Gníomhaíocht 1**
   Roghnaíonn na daltaí lipéad a bhfuil méid airgid scríofa air agus úsáideann siad boinn agus muc thaisce/an Uirlis Airgid Mol Mata chun an méid airgid a thaispeáint.

2. **Gníomhaíocht 2**
   Taispeáin dhá mhuc thaisce ina bhfuil boinn. Oibríonn na daltaí amach cén muc thaisce a bhfuil an méid is mó airgid ann. Athdhéan de réir mar is gá.

3. **Gníomhaíocht 3**
   Agus an Uirlis Airgid Mol Mata/boinn in úsáid acu, taispeánann daltaí méid airgid ar thrí bhealach dhifriúla (e.g. 7 c).

4. **Gníomhaíocht 4**
   Tá buiséad (e.g. 10 c) agus praghasliosta maidir le hábhair ealaíne ag na daltaí don rang ealaíne (e.g. gealra, súile gluaisteacha, páipéar síprise, ribín, réiteoirí píopa, pom poms srl.). Socraíonn siad ar na hearraí is mian leo a cheannach agus iad ag cloí leis an mbuiséad.

## Ceisteanna Samplacha

| Ceisteanna Dúnta | Ceisteanna Oscailte |
|---|---|
| • Cé acu muc thaisce ina bhfuil an méid is mó/lú airgid?<br>• Cé mhéad a chaith tú?<br>• Cé acu earra ealaíne is daoire/is saoire a cheannaigh tú?<br>• Cé mhéad atá ar x?<br>• Cé mhéad atá ar x agus ar y?<br>• Cé mhéad airgid a bhí fágtha agat? | • Cá mhéad caoi dhifriúil ar féidir leat 5 c, 7 c a dhéanamh?<br>• Tá 7 c sa mhuc thaisce. Cad iad na boinn fhéideartha? An bhfuair tú na teaglamaí féideartha ar fad? Conas atá a fhios agat?<br>• Dá mbeifeá ábalta an rud a cheannaigh tú a athrú, cad a cheannófá ina áit?<br>• Dá mbeadh níos mó/níos lú airgid agat, cé acu earraí a cheannófá?<br>• Cad iad na hearraí a bhfuil an luach is fearr orthu? Cén fáth? |

## Difreáil

Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí. Athraigh an buiséad agus costas na n-earraí de réir mar is gá.